Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ na hARDTEISTIMÉIREACHTA

STAIR

TÁSCAIRÍ MARCÁLA

Eanáir 2006

TÁBHACHTACH – NÓTÁIL LE DO THOIL

Déantar gach scéim mharcála do Choimisiún na Scrúduithe Stáit a dhearadh go sonrach chun marcáil aonfhoirmeach agus chóir a dheimhniú ar scrúduithe sonracha, bliain ar leith. Cuirtear an scéim le chéile de thoradh phróiseas uileghabhálach ag an bPríomhscrúdaitheoir, ag meitheal iomlán na Scrúdaitheoirí Comhairleacha agus de thoradh na taithí ar shampla randamach scripteanna a mharcáil ag na Scrúdaitheoirí go léir. Go dtí an uair sin féin, ní bhíonn eolas iomlán ar fáil ar an gcaoi ar fhreagair iarrthóirí an páipéar. Dá réir sin, dréachtscéim mharcála amháin atá inti, go dtí dáta a foilsithe ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit.

Déantar gach scéim mharcála a fhorbairt do pháipéar sonrach bliain ar leith. Dá thoradh sin, beidh éagsúlacht ó bhliain go bliain ag baint le scéimeanna marcála i ngnéithe mar seo a leanas:

(i) foroinnt na marcanna;
(ii) critéir chun marcanna a bhronnadh.

Rinneadh na táscairí marcála seo a leanas a fhorbairt maidir leis na páipéir shamplacha, gan leas an phróisis atá rianaithe thuas a bheith san áireamh. Cé gurb é is aidhm dóibh ná leide a thabhairt do mhúinteoirí maidir leis an gcaoi arbh fhéidir na ceisteanna áirithe seo a mharcáil, meabhraítear go bhféadfaidh an scéim mharcála dheiridh i 2006 nó blianta eile ina dhiaidh sin a bheith éagsúil leo sin.

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA – STAIR ARDLEIBHÉAL

Baineann dhá ghné leis an scrúdú i Stair na hArdteistiméireachta Ardleibhéal:

An Tuairisc ar an Staidéar Taighde (100 marc)
An páipéar scríofa (400 marc)

Tá trí roinn ag baint le scrúdú an pháipéir scríofa:

- **Roinn 1 (100 marc)**
  Ceist doiciméid-bhunaithe (Éire: Topaic 2)
  Freagair **gach** cuid den roinn seo.

- **Roinn 2 (100 marc)**
  Éire: Topaicí 1, 3, 4, 5, 6.
  Freagair ceist **amháin** as topaic **amháin**.

- **Roinn 3 (200 marc)**
  An Eoraip agus an domhan mór: Topaicí 1, 2, 3, 4, 5, 6.
  Freagair ceist **amháin** ar **dhá** thopaic araon.

TÁSCAIRÍ MARCÁLA DON TUAIRISC AR AN STAIDÉAR TAIGHDE (RSR)

Tá an leabhrán RSR (féach suíomh gréasáin an SEC, www.examinations.ie) leagtha amach de réir na gceannteideal sa siollabas.

Teideal (agus dátaí, mar is cuí)

Tá sé follasach ann féin gur cúnamh d'iarrthóir é teideal (agus dátaí ina theannta) chun an taighde a eagrú agus mar shlat tomhais don scrúdaitheoir chun measúnacht a dhéanamh ar an obair atá curtha i gcrích.

Plean Imlíneach (15 mharc)

Tá sé á iarraidh go gcuirfí roinnt fo-thasc simplí, díreach i gcrích mar atá á éileamh sa siollabas.
Athfhriotal ar 3 fhoinse = Uas 6 (2 mharc x3)
Gnéithe eile = Uas 9
Déan athfhriotal cruinn ar na foinsí. Freagair na gnéithe eile go soiléir, athchomair agus go comhleanúnach.

Meastóireacht ar na Foinsí (25 mharc)

Freagair go soiléir, athchomair agus go comhleanúnach don cheannteideal. Is cóir tagairt do na trí fhoinse ar fad atá luaite.

Aiste Fhada, agus athbhreithniú ar an bpróiseas taighde san áireamh (60 marc)

Tuillfidh an t-athbhreithniú ar an bpróiseas taighde 10 marc as 60. Is féidir é a chomhtháthú leis an aiste nó is féidir é a chur isteach go neamhspleách mar ghné ar leith.

Léireoidh na táscairí marcála do leithdháileadh an 50 marc fuílligh, na torthaí foghlama atá leagtha amach sa siollabas (leathanach 10).

Is cóir go dtuigfeadh iarrthóirí go moltar réimse faid don Aiste Fhada. Is é sin 1200 – 1500 focal. Dóibh siúd a bhfuil scríbhneoireacht bheag acu, abraimis 10 bhfocal sa líne, ní mó ná 4 - 5 leathanach atá i gceist.

Cloítear le do thoil leis an réimse faid seo. Ceann de scileanna an staraí é an roghnú, a chinneadh cad is cóir a fhágáil istigh nó a fhágáil amuigh. Má chloítear leis an réimse faid, beidh an scil seo agus do chumas eagarthóirtheachta á léiriú agat don scrúdaitheoir, rud a fheabhsóidh cáilíocht do chuid oibre.

TÁSCAIRÍ MARCÁLA DO ROINN 1

Faoi mar atá luaite sa siollabas (leathanach 15), tá ceithre chuid sa cheist Doiciméid-bhunaithe:

1. Tuiscint (20 marc)
2. Comparáid (20 marc)
3. Criticiúlacht (20 marc)
4. Comhthéacsú (40 marc)

I gceisteanna 1, 2 agus 3, ag brath ar an gcineál ceiste – agus líon na ngnéithe agus na bhfo-thasc san áireamh – bronnfar na marcanna sa chaoi a gcúitítear go cothrom na héilimh a dhéantar ar an iarrthóir.

Deánfar cinneadh ar seo de thoradh na gcomhráite ag an gcomhdháil mharcála. Léireoidh an scéim mharcála do Roinn 1 freisin, na torthaí foghlama mar atá siad leagtha amach sa siollabas (féach leathanach 10).

I gceist 4 a thosaíonn an mharcáil de réir na n-alt.

Marc Carnach = 24 mharc **Luacháil Iomlán** = Uas 16 mharc

Marc Carnach (CM)

Bronntar na marcanna seo ar ábhar staire atá cruinn agus a bhaineann leis an gceist a chuirtear. Roinnfidh an scrúdaitheoir an freagra in ailt nó a gcomhionann. D'fhéadfadh aon cheann díobh seo a leanas a bheith mar alt nó a chomhionann:

(i) Réamhábhar a bhaineann leis an gceist agus a dtugann cúlra an scéil agus/nó sainmhíniú ar na téarmaí agus ar an modh freagartha;
(ii) Mineachtra, céim nó cuid shuntasach as sraith eachtraí;
(iii) Gné den ábhar, agus fíricí ag dul léi;
(iv) Mír argóinte nó díospóireachta, agus fíricí ag dul léi;
(v) Míniú ar théarma nó ar choincheap, agus fíricí ag dul leis;
(vi) Roinnt ráiteas a bhaineann leis an gceist, agus a léiríonn fíricí, tráchtaireacht nó míniúchán;
(vii) Alt maith a chuireann deireadh ceart leis an bhfreagra, agus níos mó ná athrá a bheith ann.

Agus an freagra léite mar seo ag an scrúdaitheoir, bronnfaidh sé/sí marcanna ar gach alt nó a chomhionann mar seo a leanas:

Sármhaith:11-12
An-mhaith: 8-10 marc
Go maith: 5-7 marc
Cuibheasach: 3-4 mharc
Míchruinn/easnamhach: 2 mharc nó níos lú

Luacháil Iomlán (OE)

Agus OE á bhronnadh, breithneoidh an scrúdaitheoir a choimrí agus a chruinne a phléann an freagra leis an gceist áirithe a chuirtear, agus cé chomh maith is a thapaíonn an t-iarrthóir an deis chun a léirthuiscint ar an gcás-staidéir agus a chomhthéacs i réimse leathan na Topaice a léiriú. Beidh feidhm leis an tábla grádála seo a leanas:

An-mhaith/sármhaith: 13-16 mharc
Go maith/an-mhaith: 9-12 mharc
Cuibheasach: 5-8 marc
Lag: 1-4 mharc

Seasann cleachtas na marcála de réir alt, mar atá thuas, do Roinn 2 agus Roinn 3 freisin. Is é 60/40 coibhneas CM le OE tríd an bpáipéar scrúdaithe ar fad.

3

TÁSCAIRÍ MARCÁLA DO ROINN 2 AGUS ROINN 3

I Roinn 2 agus Roinn 3, iarrtar ar iarrthóirí ceist staire a fhreagairt. Marcálfar na freagraí faoi dhá cheannteideal:

Marc Carnach (CM) ar an ábhar staire atá cruinn agus a bhaineann leis an gceist a chuirtear.
Uasmharc Carnach (CM) = 60 marc
D'fhéadfadh cúig alt nó comhionann agus iad a bheith sármhaith lánmharc 60 CM a thuilleamh. 12M x 5 = 60M

Luacháil Iomlán (OE) ar cháilíocht an fhreagra sa mhéid a dhéanann sé anailís ar na cúrsaí atá i gceist agus sa mhéid a fhreagraíonn sé an cheist a chuirtear.
Uasmharc OE = 40 marc.

Marcáil an Fhreagra

Agus an freagra á mharcáil, beidh meon oscailte i leith an ábhair ag an scrúdaitheoir maidir le réimse na bhfreagraí bailí a bhféadfaí a bheith ag súil leo ó iarrthóir ar an leibhéal seo, agus a mbeadh an tuiscint ar an réimse eolais agus na scileanna staire a éilíonn an siollabas, aige/aici. Roinnfidh an scrúdaitheoir an freagra ina ailt nó comhionann agus ailt, agus bronnfaidh sé/sí marcanna ar gach alt nó a chomhionann, mar seo a leanas:

Marc Carnach (CM)
(Uasmhéid = 60 marc)

Sármhaith:11-12 mharc
An-mhaith: 8-10 marc
Go maith: 5-7 marc
Cuibheasach: 3-4 mharc
Míchruinn/easnamhach: 2 mharc nó níos lú

Luacháil Iomlán (OE)
(Uasmhéid = 40 marc)

Sármhaith: 36-40 marc
An-mhaith: 28-35 mharc
Go maith: 22-27 marc
Cuibheasach: 16-21 mharc
Fiúntas áirithe, ach faoi bhun an chaighdeáin inghlactha: 10-15 mharc
Lag/An-lag: 1-9 marc

Agus an OE á bhronnadh, luachfálfaidh an scrúdaitheoir cáilíocht an fhreagra faoi cheannteidil éagsúla, agus na samplaí seo thíos san áireamh:

- Cé chomh mór is a léirigh an t-iarrthóir na scileannna a luaitear le torthaí foghlama an tsiollabais (féach lch 13)?
- Ar shonraigh an t-iarrthóir – go follasach nó go hintuigthe – na peirspictíochtaí cearta mar chur chuige don cheist?
- An bhfuil tagairt déanta ag an iarrthóir do phearsana lárnacha cuí agus/nó do choincheapanna lárnacha agus an bhfuil an bhaint atá acu leis an gceist léirithe aige/aici?
- Cé chomh mór is a chuaigh an t-iarrthóir i ngleic leis an gceist a cuireadh nó ar fhreagair sí/sé an cheist sin?
- Cé chomh mór is a léirigh an t-iarrthóir an cumas chun anailís a dhéanamh ar na gnéithe den cheist a cuireadh (i.e. níos mó ná tráchtaireacht amháin)?
- Cé chomh mór is a thug an t-iarrthóir an fhianaise ábhartha le chéile mar thaca lena c(h)uid anailíse?
- Cé chomh mór is a léirigh an t-iarrthóir an cumas chun cás a áiteamh agus chun teacht ar chonclúidí (i.e. an cheist a cuireadh a fhreagairt)?

Ag brath ar an gcineál ceiste a chuirtear, bheadh ar an scrúdaitheoir na pointí mar atá thuas a chur sa mheá. Níos minicí ar fad ná a mhalairt, is i bhfoirm chomhartha ceiste a chuirfear na ceisteanna, ach beidh an méid a mbeifear ag súil leis mar fhreagra éagsúil ó cheist go chéile. Tharlódh gur mó de fhreagra tráchtaireachta, tuairisciúil a d'éileofaí i gceisteanna áirithe, agus gur mó de fhreagra machnaimh, anailíseach a d'éileofaí – go follasach nó go hintuigthe – i gceisteanna eile.

Nuair is freagra tráchtaireachta nó tuairisciúil atá cuí, cuirfidh an scrúdaitheoir béim níos mó ar cháilíochtaí an chruinnis agus na cuimsitheachta, agus an OE á bhronnadh. Nuair is freagraí ar mó an anailís a bhaineann leo atá i gceist, is léir go mbeidh scileanna anailíseacha agus an ghafacht leis na gnéithe den cheist níos tábhachtaí agus an OE á bhronnadh.

TRÁCHTAIREACHT AR CHEISTEANNA SAMPLACHA

Ar an gcéad dul síos, léigh an cheist go cúramach.

Beidh an claonadh ag iarrthóirí nach ndéanann ach téama leathan na ceiste a shonrú, freagraí a thabhairt nach ndéanann ach an scéal a insint; ní théann freagraí nach bhfuil iontu ach tráchtaireacht nó atá tuairisciúil i ngleic choíche i gceart leis an gceist mar a chuirtear í. Ba chóir go léireodh léamh níos cúramaí ar an gceist na gnéithe staire a ardaítear agus ba chóir go dtuigfeadh an t-iarrthóir go bhfuiltear ag súil go rachaidh sé/sí i ngleic leis na gnéithe úd, agus fianaise chruinn, staire a bhaineann le hábhar a úsáid chuige sin. Dá bhrí sin is cóir don iarrthóir an cheist seo a leanas a fhreagairt do/di féin:

Cad atá á iarraidh ag an gceist seo orm a ***dhéanamh****?*

Seo a leanas roinnt samplaí de stíleanna éagsúla ceisteanna:

An cheist dhíreach

Iarrtar ar an iarrthóir cuibheasach lom díreach eachtra staire a mhíniú. Is féidir an cheist a chur ar bhealaí éagsúla.

LME Topaic 1 C2
Cén fáth ar éirigh leis na hiarrachtaí ar an Iodáil a aontú tar éis 1852 nuair a theip ar iarrachtaí roimhe sin?

LME Topaic 6 C2
Cén fáth a ndeachaigh na Stáit Aontaithei i mbun coimhlint armtha i Vítneam agus cén fáth ar tharraing siad siar as an tír sin ar deireadh thiar?

Ar an gcéad amharc, tá an chuma ar na ceisteanna seo go n-éilítear go ndéanfadh an t-iarrthóir cur síos ar phróiseas nó scéal a insint, mar atá: inis scéal aontú na hIodáile nó scríobh a bhfuil ar eolas agat ar Chogadh Vítneam.

Gan aon amhras, is é aontú na hIodáile atá mar théama sa chéad cheist, ach is í an bhunghné den cheist atá le freagairt ná *cén fáth ar tháinig aontú na hIodáile chun críche <u>an uair áirithe sin</u>.* Pléifidh an deafhreagra leis na tosca taobh istigh agus taobh amuigh den Iodáil a bhí in aghaidh aontú na hIodáile sna blianta 1815-1852, agus míneofar cén chaoi ar athraigh na tosca sin agus/nó ar tháinig cúinsí nua chun cinn tar éis 1852 a chuidigh le haontú na hIodáile.

Tá an chuma ar an dara ceist gurb é scéal Chogadh Vítneam atá i gceist, ach is mó a bhaineann an cheist le polasaí eachtrach SAM: *Cén fáth ar éirigh SAM gafa leis an gcogadh?*agus *Cén fáth ar tharraing SAM siar?* Bheadh dul amú ar an té nach ndéanfadh ach scéal an Chogaidh i Vítneam a insint – dul amú ó bhonn. Bhí fáthanna éagsúla ann ar éirigh SAM gafa le Vítneam agus fáthanna éagsúla ar chaith SAM tarraingt siar. Pléifidh an deafhreagra le roinnt de na fáthanna ar shocraigh SAM beartas áirithe a chur i ngníomh ar bhealach áirithe ag tráth áirithe. Is cóir nach

mbainfeadh ach cuid bheag den fhreagra leis an gcogaíocht, ach amháin sa mhéid gur chuaigh an teip mhíleata i bhfeidhm ar mheon an phobail i SAM agus ar athruithe ar an mbeartas poiblí.

Ceisteanna a iarrann ar an iarrthóir treocht a luacháil

Iarrann na ceisteanna seo ar an iarrthóir measúnacht a dhéanamh ar fhorbairtí in imeacht tréimhse ama, agus a mhíniú cén fath ar tharla athruithe nó nár tharla siad.

LMI Topaic 6 C4
Cén fhorbairt a tháinig ar an gcaidreamh Angla-Éireannach sa tréimhse, 1949-1989?

LME Topaic 6 C1
Conas a d'éirigh leis an agóidíocht ar son cearta sibhialta sna Stáit Aontaithe sa tréimhse, 1945-1968?

Sonraíonn an dá cheist téama agus iarrann siad tráchtaireacht chriticiúil ar an téama in imeacht tréimhse fada. Sa chéad cheist, is é *an caidreamh Angla-Éireannach* an téama ach is í *forbairt an chaidrimh* atá á lorg sa cheist. Is í *an agóidíocht chearta sibhialta* an téama sa dara ceist, ach *conas a d'éirigh leis an agóidíocht* atá á lorg sa cheist.

Ní mór tráchtaireacht a dhéanamh ar an téama sa dá chás, ach is í an cheist lárnach féin atá le freagairt. Léireoidh an deafhreagra tráchtaireacht mhaith ar an tréimhse agus cumas chun an fhianaise a thabhairt le chéile mar thaca leis an áiteamh atá á dhéanamh. Bheadh dul amú ar an té nach ndéanfadh ach scéal eachtra ar leith nó eachtraí ar leith a insint gan measúnacht a dhéanamh ar an treocht iomlán.

Sa dá chás, bhí mórán eachtraí nó tréimhsí staire i gceist a bhaineann le hábhar na ceiste. Is cóir féachaint orthu seo mar amhábhar chun an freagra a bhunú air:
Cén fhorbairt a tháinig ar an gcaidreamh Angla-Éireannach?
Chun feabhais? Chun donais? I gcás Shasana? I gcás na hÉireann? I gcás na hEorpa? 7rl.

D'fhéadfadh foclaíocht de shaghas eile a bheith ar an gcineál seo ceiste go coitianta: Cé chomh mór is a rinne *XXXXX* de *YYYY* nó *ZZZZ* faoin mbliain *abcd*?

An cheist a chuireann toisc ar leith i gcás mar thúsphointe
(nó pearsa mar atá sna samplaí anseo thíos)

LMI Topaic 1 C1
Cé chomh mór is a bhí an feachtas ar son Fuascailt na gCaitliceach, agus an rath a bhí air, ag brath ar cheannaireacht Dhónaill Uí Chonaill?

LME Topaic 2 C3
Cén tábhacht a bhain le Karl Benz maidir le haireagán agus le stair luath an ghluaisteáin?

Is féidir go n-iarrfaí ort an tábhacht a bhaineann le tosca nó le pearsana éagsúla a chur i gcomparáid i bpróiseas staire. D'fhéadfadh an cheist béim a chur ar cheann amháin de na tosca nó de na pearsana úd, agus sin é agat do thúsphointe don fhreagra.

Fiafraíonn an chéad cheist thuas den iarrthóir cén fáth a raibh rath ar an bhfeachtas d'Fhuascailt na gCaitliceach. Bhí fáthanna éagsúla leis, ar nós – mar shampla – meon an phobail in Éirinn, toil pholaitiúil na Breataine agus ceannaireacht Uí Chonaill. Ní mór mar fhreagra ar an gceist : *Cé chomh mór is a bhí an rath ag brath ar cheannaireacht Dhónaill Uí Chonaill?* na tosca éagsúla a bhain leis an scéal a chur sa mheá. Gan na slata tomhais seo a bheith ann mar bhonn comparáide, cén chaoi ar féidir *cé chomh mór* a thomhas?

Ar an mbealach céanna bheadh sé deacair plé i gceart le tábhacht Benz gan tagairt do ghnéithe eile de stair luath an ghluaisteáin. Cén chaoi ar féidir a thábhacht a phlé munar féidir é a chur i gcomparáid le daoine eile nó a chuid oibre a chur i gcomhthéacs? Ar bhealach eile, is é atá á fhiafraí sa cheist ná aireagán agus stair luath an ghluaisteáin (mar chás-staidéir) agus tagairt ar leith á dhéanamh do Karl Benz (mórphearsa).

An Cheist Athfhriotail

Bíonn roinnt ceisteanna i gcónaí ar chuma thraidisiúnta athfhriotail + plé.

LME2 Topaic 2 C1
An measann tú gurbh é an t-aireachas a bhí mar chloch choirnéil i bpolasaí eachtrach Bhismarck? Mínigh do fhreagra.

LMI Topaic 5 C4
Baineann tréith na táirgeachta cultúrtha le sochaí atá deighilte. Cén fhírinne atá sa ráiteas seo i gcás Thuaisceart Éireann, 1949-1993?

Sa dá chás tá ráiteas á dhéanamh agus fiafraítear den iarrthóir an aontaíonn sé/sí leis. Chuige seo ní mór di/dó an fhianaise in aghaidh agus ar son an ráitis a chur sa mheá agus teacht ar chonclúid. Beidh an scrúdaitheoir ag súil go mbeidh ábhar staire atá cruinn agus a bhaineann leis an gceist mar thaca aici/aige leis an áiteamh.

I gcás cheist Bismarck, ní leor don iarrthóir liosta a thabhairt de thionscnaimh agus de bhearta polasaí eachtrach na Gearmáine. Is cóir di/dó a c(h)uid eolais ar pholasaí eachtrach Bismarck a úsáid chun an cheist a fhreagairt: an raibh sé faichilleach ó bhonn? An raibh tionscnaimh dhalba ann? A ndeachaigh sé sa seans? Muna ndeachaigh, cén fáth, 7rl.

Tá ráiteas sa cheist a bhaineann le Tuaisceart Éireann nach bhfuil plé le déanamh ar an loighic inmheánach a bhaineann leis: níltear ag súil go ndéanfaidh an t-iarrthóir scagadh agus anailís ar an ráiteas. Treoir shimplí atá tugtha: ní mór di/dó an ráiteas a chur i leith (más féidir é a dhéanamh) Thuaisceart Éireann.

Cé chomh fíor is atá sé maidir le Tuaisceart Éireann, 1949-1993

(a) gur sochaí dheighilte a bhí ann?
(b) go raibh an rath cultúrtha mar thoradh ann, agus
(c) go raibh an toradh seo le sonrú uaireanta? go minic? i gcónaí, go hannamh?

Is féidir plé le cuid (a) tapa go leor i bhfoirm réamhrá, agus fuílleach ama a fhágáil do (b) agus (c).

Beidh an scrúdaitheoir ag súil le fianaise chruinn staire a bhaineann le hábhar na ceiste mar thaca leis an áiteamh.

SCRÚDÚ NA nARDTEISTIMÉIREACHTA – STAIR GNÁTHLEIBHÉAL

Baineann dhá ghné leis an scrúdú i Stair na hArdteistiméireachta Gnáthleibhéal:

An Tuairisc ar an Staidéar Taighde (100 marc)
An páipéar scríofa (400 marc)

Tá trí roinn ag baint le scrúdú an pháipéir scríofa:

- **Roinn 1 (100 marc)**
  Ceist doiciméid-bhunaithe (Éire: Topaic 2)
  Freagair **gach** cuid den roinn seo.

- **Roinn 2 (100 marc)**
  Éire: Topaicí 1, 3, 4, 5, 6.
  Freagair ar thopaic **amháin** sa roinn seo.

- **Roinn 3 (200 marc)**
  An Eoraip agus an domhan mór: Topaicí 1, 2, 3, 4, 5, 6.
  Freagair ar **dhá** thopaic sa roinn seo.

TÁSCAIRÍ MARCÁLA DON TUAIRISC AR AN STAIDÉAR TAIGHDE (RSR)

Tá an leabhrán RSR (féach suíomh gréasáin an SEC, www.examinations.ie) leagtha amach de réir na gceannteideal sa siollabas.

Teideal (agus dátaí, mar is cuí)

Tá sé follasach ann féin gur cúnamh d'iarrthóir é teideal (agus dátaí a bheith ina theannta) chun an taighde a eagrú, agus mar shlat tomhais don scrúdaitheoir chun measúnacht a dhéanamh ar an obair atá curtha i gcrích.

Plean Imlíneach (15 mharc)

Tá sé á iarraidh go gcuirfí roinnt fo-thasc simplí, díreach i gcrích mar atá á éileamh sa siollabas.
Athfhriotal ar 2 fhoinse = Uas 6 (3 mharc x 2)
Gnéithe eile = Uas 9
Déan athfhriotal cruinn ar na foinsí. Freagair na gnéithe eile go soiléir, athchomair agus go comhleanúnach.

Meastóireacht ar na Foinsí (25 mharc)

Freagair go soiléir, athchomair agus go comhleanúnach don cheannteideal. Is cóir tagairt don dá fhoinse atá luaite.

Aiste Fhada, agus athbhreithniú ar an bpróiseas taighde san áireamh (60 marc)

Tuillfidh an t-athbhreithniú ar an bpróiseas taighde 10 marc as 60. Is féidir é a chomhtháthú leis an aiste nó is féidir é a chur isteach go neamhspleách mar ghné ar leith.

Léireoidh na táscairí marcála do leithdháileadh an 50 marc fuílligh, na torthaí foghlama atá leagtha amach sa siollabas (leathanach 10).

Is cóir go dtuigfeadh iarrthóirí go moltar réimse faid don Aiste Fhada. Is é sin 600 – 800 focal. Dóibh siúd a bhfuil scríbhneoireacht bheag acu, abraimis 10 bhfocal sa líne, ní mó ná 2 - 3 leathanach atá i gceist.

Cloítear leis an réimse faid seo, le do thoil. Ceann de scileanna an staraí é an roghnú, a chinneadh cad is cóir a fhágáil istigh nó a fhágáil amuigh. Má chloítear leis an réimse faid, beidh an scil seo agus do chumas eagarthóirtheachta á léiriú agat don scrúdaitheoir, rud a fheabhsóidh cáilíocht do chuid oibre.

TÁSCAIRÍ MARCÁLA DO ROINN 1

Faoi mar atá luaite sa siollabas (leathanach 15), tá ceithre chuid sa cheist Doiciméid-bhunaithe:

1. Tuiscint (40 marc)
2. Comparáid (20 marc)
3. Criticiúlacht (20 marc)
4. Comhthéacsú (20 marc)

I gceisteanna 1, 2 agus 3, ag brath ar an gcineál ceiste – agus líon na ngnéithe nó na bhfo-thasc san áireamh – bronnfar na marcanna sa chaoi a gcúitítear go cothrom na héilimh a dhéantar ar an iarrthóir. Deánfar cinneadh ar seo de thoradh na gcomhráite ag an gcomhdháil mharcála. Léireoidh an scéim mharcála do Roinn 1 na torthaí foghlama mar atá siad leagtha amach sa siollabas (féach leathanach 10)

I gceist 4 a thosaíonn an mharcáil de réir prionsabail an Chroí-Ráitis.

Is féidir **Croí-Ráiteas** a shainiú mar cheann díobh seo a leanas:

- Ráiteas suntasach fíriciúil a bhaineann leis an gceist a cuireadh
- Míniú, tuairim nó tráchtaireacht a bhaineann leis an gceist a cuireadh
- Ráiteas suntasach réamhráiteach nó ráiteas conclúideach a bhaineann leis an gceist a cuireadh

Agus prionsabal na marcála de réir Chroí-Ráitis á fheidhmiú acu, is mar seo a leanas a ghníomhóidh na scrúdaitheoirí:

- Agus an freagra léite, is cóir é a roinnt ina Chroí-Ráitis, agus tic (√) a chur ag deireadh gach Croí-Ráitis chríochnaithe
- Bronntar 5 mharc ar gach Croí-Ráiteas críochnaithe
- D'fhéadfadh Croí-Ráiteas neamhchríochnúil ag deireadh freagra, 1- 5 mharc a thuilleamh

Anseo, i gceist 4 den Cheist Doiciméid-Bhunaithe, féachfaidh an Scrúdaitheoir le 5 mharc an ceann a bhronnadh ar cheithre Chroí-Ráiteas mar alúntas 20 marc san iomlán.

TÁSCAIRÍ MARCÁLA DO ROINN 2 AGUS ROINN 3

Iarrtar ar iarrthóirí freagra a thabhairt ar Thopaic amháin i Roinn 2 agus ar dhá Thopaic i Roinn 3.

Déantar gach Topaic a roinnt i dtrí chuid:

A. Aonad spreagthach-bhunaithe ina bhfuil cúig cheist ghearra le freagairt (uasmhéid: 30 marc)
B. Alt gearr le scríobh mar fhreagra ar cheannteideal amháin as ceithre cinn (uasmhéid: 30 marc)
C. Alt níos faide le scríobh mar fhreagra ar cheist amháin as ceithre cinn (uasmhéid: 40 marc)

Is mar seo a leanas a dhéanfar an mharcáil ar chodanna A, B agus C:

A. De ghnáth bronnfar na marcanna mar 6 mharc ar gach ceist, agus 6 mharc x 5 mar uasmhéid 30 marc. Ach má mheasann na scrúdaitheoirí, mar shampla, go bhfuil ceist 1 réasúnta bog agus go bhfuil ceist 5 réasúnta deacair, déanfar an scéim a leasú dá réir.
B. Marcálfar an freagra seo de réir prionsabail an Chroí-Ráitis, mar atá sainithe thuas. Ceadófar Marc Carnach 20 mar uasmhéid do na Croí-Ráitis agus ceadófar uasmhéid 10 marc do Luacháil Iomlán an scrúdaitheora ar an bhfreagra. Féach an scála grádaithe thíos.
C. Marcálfar an freagra seo de réir prionsabail an Chroí-Ráitis, mar atá sainithe thuas. Ceadófar Marc Carnach 30 mar uasmhéid do Chroí-Ráitis agus ceadófar uasmhéid 10 marc do Luacháil Iomlán an scrúdaitheora ar an bhfreagra. Féach an scála grádaithe thíos.

Marc Carnach (CM)

Is é seo an marc iomlán a bhronnfar ar Chroí-Ráitis, faoi réir uasmhéid 20 marc i gcuid B agus uasmhéid 30 marc i gcuid C.

Luacháil Iomlán (OE)

Agus OE á bhronnadh aige/aici, breithneoidh an scrúdaitheoir ar a fheabhas a fhreagraíonn an freagra don cheannteideal nó don cheist a chuirtear. Beidh an tábla grádaithe seo a leanas i bhfeidhm:

Sármhaith: 9-10 marc
An-mhaith: 7-8 marc
Go maith: 5-6 marc
Cuibheasach: 3-4 mharc
Lag: 0-2 mharc

Agus an freagra á mharcáil, beidh meon oscailte i leith an ábhair ag an scrúdaitheoir maidir le réimse na bhfreagraí bailí a bhféadfaí a bheith ag súil leo ó iarrthóir ar an nGnathleibhéal, agus a mbeadh an tuiscint ar an réimse eolais agus na scileanna staire a éilíonn an siollabas, aige/aici.

TRÁCHTAIREACHT AR CHEISTEANNA SAMPLACHA

Agus an cheist léite go cúramach aige/aici i dtosach báire, ba chóir don iarrthóir an cheist seo a fhreagairt:

Cad atá á iarraidh ag an gceist orm a ***dhéanamh?***

Seo a leanas roinnt samplaí de stíleanna éagsúla ceisteanna, mar a fheictear iad ar an bpáipéar scrúdaithe samplach:

An ceannteideal díreach

Iarrtar ar iarrthóirí alt a scríobh mar fhreagra ar cheannteideal lom díreach i gcuid B de na ceisteanna Topaice. D'fhéadfadh baint a bheith ag na ceannteidil le gné ar bith den chúrsa: gnéithe na n-ábhar liostaithe, cás-staidéir, pearsana nó coincheapanna lárnacha.

LMI Topaic 2 C.B1
Éirí Amach 1916

Gné atá liostaithe faoi *Pholaitíocht agus Riarachán,* agus tugann an ceannteideal seo deis don iarrthóir scéal Éirí Amach 1916 a insint. Tugtar deis freisin dóibh a thaispeáint cén t-eolas atá acu ar na pearsana lárnacha mar atá, an Piarsach, de Valera, an Coileánach agus Markievicz. Ar na coincheapanna lárnacha a bhaineann le hábhar tá, flaitheas, íobairt fola, agus poblacht.

LME Topaic 3 C.B3
Benito Mussolini

Iarrtar ar an iarrthóir nóta beathaisnéise a scríobh ar phearsa Bhenito Mussolini. Baineann an mhéid a rinne Mussolini chun cur leis na cúrsaí seo a leanas, mar atá siad liostaithe faoi na gnéithe, le hábhar: *Foinsí agus fás na réimeas faisisteach san Eoraip; Comghuaillíochtaí Aimsir Chogaidh, 1939-1945; Caidreamh Eaglasta-Stáit faoi Mhussolini agus Hitler.* Ar na coincheapanna a bhaineann le hábhar tá, an faisisteachas, an deachtóireacht agus cultas na pearsantachta.

LME Topaic 2 C.B1
Stair luath an ghluaisteáin

Iarrtar ar iarrthóirí alt a scríobh atá bunaithe, sa chás seo, ar cheann de thrí chás-staidéar. Bhainfeadh gnéithe liostaithe mar *An Tionsclaíocht sa Ghearmáin agus a héifeacht ar an tsochaí* agus *Forbairtí lárnacha san eolaíocht, sa teicneolaíocht agus i gcúrsaí leighis* le hábhar. Ba chúnamh don iarrthóir é an fheasacht ar ról Karl Benz, duine de na pearsana lárnacha.

LME Topaic 2 C.B2
FrithGhiúdachas sa bhFrainc agus/nó sa Rúis, 1871-1920

Chomh maith le bheith ina ghné liostaithe faoi *Chultúr, reiligiún agus eolaíocht*, bítear ag súil faoin gceannteideal seo go léireoidh an t-iarrthóir tuiscint ar an gcoincheap lárnach, frith-Ghiúdachas. Tagann cúinse dá leithéid céanna chun cinn i LME Topaic 5, ina bhfuil baint ag ceist dhíreach ar chás-staidéar (An Fhrainc sna 1980í) le coincheapanna lárnacha mar chomhshamhlú, éagsúlacht chultúrtha agus ciníochas.

Ceisteanna staire: Cén fáth? Cén chaoi? Cad é? Cé chomh mór?

Beidh na ceisteanna i gcuid C de gach Topaic, curtha i bhfoirm cheiste, ar an mórgóir. Beidh an Scrúdaitheoir ag súil go bhfreagróidh an t-iarrthóir an cheist mar ata sí curtha. Cé go mbainfidh na ceisteanna le pearsana lárnacha agus le cás-staidéir, d'fhéadfadh eolas ar ghnéithe ábhartha agus tuiscint ar choincheapanna lárnacha áirithe cur leis an bhfreagra. Ar na focail agus na frásaí a bhaineann leis an gnáthcheist tá: Cén fáth? Cén chaoi? Cad é? Cé chomh mór?

LMI Topaic 3 C.C3
Sna 1930daí luatha, cén fáth ar athraigh rialtas de Valera ó pholasaí saorthrádála go polasaí cosantachais?

An Cheist: **Cén fáth** a raibh athrú polasaí ann? Luaigh na fáth(anna) leis an athrú agus, más feidir, d'fhéadfadh míniú, tuairim nó tráchtaireacht ar na fáthanna a chur leis.

Nótáil gur pearsa lárnach é de Valera, gur gné liostaithe é *Ón saorthrádáil go dtí an cosantachas,* agus go bhfuil an dá cheann luaite sa siollabas mar choincheapanna lárnacha.

LMI Topaic 4 C.C2
Cé chomh maith is a d'éirigh le misean Éamoin de Valera go Meiriceá chun tacaíocht a fháil do neamhspleáchas na hÉireann?

Ba chóir go mbeadh an-eolas ag iarrthóirí ar chuairt de Valera ar na Stáit Aontaithe 1919-1920 toisc gur ceann de na cás-staidéir é. Is í an cheist ná **cén chaoi** ar éirigh leis an gcuairt sin. Míneoidh an dea-fhreagra cad a bhí ar intinn ag de Valera a dhéanamh agus luafar cad a bhain sé amach: tacaíocht mhorálta? Tacaíocht pholaitiúil? Tacaíocht airgeadais?

LMI Topaic 3 C.C4
Cén cion a rinne Evie Hone do shaol ealaíne agus cultúir na hÉireann?

Cén chaoi a ndearna sí é? Is féidir é a chur i bhfocail eile "Cad a rinne sí d'ealaín agus do chultúr na hÉireann?" nó **Cad** a rinne sí? Nótáil gur féidir **cad** a mhalartú le **cén chaoi** i gceisteanna áirithe**.** Pearsa lárnach í Evie Hone sa topaic seo.

LME Topaic 3 C.C3
Cad a bhain Winston Churchill amach mar cheannaire le linn an chogaidh idir 1940 agus 1945?

Cad a bhain sé amach? Tá samplaí den chineál ceiste seo atá fíriciúil, nó leamh féin fiú, i ngach topaic ar an bpáipéar scrúdaithe samplach. Is féidir an freagra a theorannú do ráiteas ar an méid a bhain Churchill amach i rith an chogaidh, ach d'fhéadfadh an t-iarrthóir na pointí seo a fhorbairt in éineacht le tráchtaireacht agus tuairim agus breis marcanna a ghnóthú mar Chroí-Ráitis.

I ngach cás, léireoidh an dea-fhreagra tuiscint mhaith ar an tréimhse atá i gceist agus cumas i bhfianaise staire chruinn a bhaineann le hábhar a úsáid.